



Department for the

Economy

An Roinn

Geilleagair

www.economy-ni.gov.uk

**AN ROINN
GEILLEAGAIR
BEARTAS AGUS
TREOIR MAIDIR LEIS
AN GHAEILGE 2026**



Clár ábhair

Beartas	3
Réamhrá ón Aire	3
Cé Sinne	4
Riachtanas Beartais	4
Cuspóir agus Aidhmeanna Beartais	5
Raon	5
Cúlra Beartais	5
Freagracht agus Athbhreithniú	6
Eagraíochtaí Comhpháirtíochta	6
Fiosruithe	7
Treoir na Roinne Geilleagair ar an Ghaeilge	8
1. Cumarsáid	8
2. Aistriúchán	10
3. Seirbhísí Aistriúcháin	11
4. Fógraíocht	11
5. Cumarsáid agus Comhfhreagras	12
6. Brandáil agus Comharthaíocht na Roinne	13
Aguisíní	14
Aguisín 1 - An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (CETRM)	15
Aguisín 2 - Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta	17
Aguisín 3 - Comhaontú Chill Rímhinn 2006	18
Aguisín 4 - Cearta Daonna TÉ – ‘Cearta Teanga Mionlaigh: An Ghaeilge agus Albainis Uladh, bileog threorach ar impleachtaí na Cairte Eorpaí um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, an Coinbhinsiún Eorpach ar Chearta Teanga agus ionstraimí eile’	19
Aguisín 5 - Ré Nua Cur Chuige Nua (2020)	20
Aguisín 6 - Moltaí an Phainéil Chomhairligh Saineolaithe maidir le Straitéis Gaeilge	21
Aguisín 7 - Naisc úsáideacha:	22
Aguisín 8 - An Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta aChosaint	23
Aguisín 9 - Treoir ón Choimisiún Comhionannais do Thuaisceart Éireann	24





Beartas

Réamhrá ón Aire

Is cuid ríthábhachtach luachmhar dár n-oidhreacht chultúrtha chomhroinnte í an Ghaeilge. Baineann sí le hachan duine inár sochaí, agus tá ról nach beag aici i múnú ár bhféiniúlachta, i saibhriú ár bpobal, agus inár nascadh lenár stair. Is ar mhaithe linne féin uilig atá an fhorbairt, an chosaint, agus an cur chun cinn ann don Ghaeilge, agus is cóir glacadh leis an Ghaeilge mar ábhar bróid agus aontachta dúinn.

Sa bheartas seo, leagtar amach fíis atá soiléir forásach don Ghaeilge – fíis lena bhféachfaidh muid fáil réitithe de na bacainní; dúshlán a thabhairt do na dearcthaí atá as dáta; agus deiseanna a chruthú d’aon duine ar mian leis an teanga a fhoghlaim, a úsáid agus a cheiliúradh. Tá an beartas bunaithe ar phrionsabail na hionchuimsitheachta, an mheasa, agus na hinbhuanaitheachta, agus béim aige ar an mhéadú i bhfoghlaim na Gaeilge, i ngnáthúsáid na Gaeilge ar bhonn laethúil, agus i stádas na Gaeilge sa tsaol poiblí.

I mBeartas Gaeilge na Roinne Geilleagair, bheirtear gealltanais phraiticiúla le tacú leis an fhíis seo. Tá sé mar aidhm aige, úsáid na Gaeilge a chur chun cinn, a chosaint, agus a fheabhsú, fríd sheirbhísí atá inrochtana agus ionchuimsitheach a chinntiú. Ina measc sin, beidh: soláthar dátheangach do na seirbhísí poiblí agus do na meáin shóisialta; tacaíocht don teanga i saoráidí na Roinne; agus aitheantas don cheart atá ag an duine na seirbhísí a fháil i nGaeilge.

Leis na huaimhianta sin a bhaint amach, beidh gá leis an chomhoibriú leanúnach ar fud an rialtais, in éineacht le páirtithe leasmhara, agus i measc na bpobal. Trí bheith ag comhoibriú lena chéile, féadann muid a chinntiú go leanfaidh an Ghaeilge uirthi de bheith faoi bhláth, agus go bhfanfaidh sí mar chuid bhríomhar luachmhar den tsaol anseo do na glúine amach romhainn.





Cé Sinne

Tá an Roinn Geilleagair (RG) freagrach as Fís Gheilleagrach an Aire Geilleagair a sheachadadh agus cur le Clár an Fheidhmeannais do Rialtas. Déanaimid seo trí bheartas geilleagreach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Thuaisceart Éireann, ag obair i gcomhpháirtíocht dhlúth chomhoibríoch le raon leathan Eagraíochtaí Comhpháirtíochta chun ailíniú straitéisí Eagraíochtaí Comhpháirtíochta le straitéis fhoriomlán na Roinne a chinntiú.

Cé go leagann an tAire Geilleagair amach ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus treo beartais, is é an Rúnaí Buan, Ian Snowden, Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne agus tá sé freagrach as eagrú, bainistíocht agus soláthar foirne na Roinne ar an iomlán, chomh maith le rialtacht, cuibheas agus luach ar airgead cistí poiblí uile a chuirtear faoinár gcúram.

Is féidir teacht ar thuilleadh sonraí faoi ról, buiséad, freagraíochtaí reachtúla, struchtúr agus socruithe rialachais na Roinne ag: [Suíomh gréasáin RG](#).

Leag an tAire Geilleagair amach Fís Gheilleagrach na Roinne i bhFeabhra 2024 agus díritear ann ar cheithre phríomh-Thosaíocht:

- Sciar na ndaoine in aois oibre i b**Poist Mhaithe** a mhéadú le go mbeidh caighdeán fiúntach maireachtála ag teaghlaigh i bhfostaíocht;
- **Táirgiúlacht** a ardú, atá ina bunchúis le fás geilleagrach agus caighdeáin mhaireachtála ar an iomlán;
- **Cothroime Réigiúnach** a chur chun cinn, ag cinntiú go gcomhroinneann gach duine tairbhí an rathúnais; agus
- **Astaíochtaí Carbóin** a laghdú, leis an pláinéad a chosaint do ghlúine amach anseo.

Riachtanas Beartais

Is é cuspóir an Bheartais Teanga na bealaí a leagan amach ina gcomhlíonfaidh an Roinn Geilleagair (RG) a tiomantas i leith na Cairte Eorpaí um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (CETRM) a shainmhíneáil i gComhaontú Aoine an Chéasta mar ‘ghníomh diongbháilte’ i leith na Gaeilge agus comhartha soiléir a thabhairt i leith na gcéimeanna faoi leith a thógfaidh an Roinn chun an Ghaeilge a chur chun cinn ina cuid oibre féin agus chun tacú leis an phobal fhásmhar cainteoirí Gaeilge i dTuaisceart Éireann.



Cuspóir agus Aidhmeanna Beartais

Is é aidhm an Bheartais agus Treorach seo a leagan amach cad é mar a chuirfidh RG chun cinn agus a chosnóidh RG úsáid na Gaeilge taobh istigh de RG trí threoir shoiléir a eisiúint do bhaill foirne maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. Aithníonn RG go bhfuil duine a lorgaíonn seirbhís trí mheán na Gaeilge i dteideal an chaighdeáin chéanna seirbhíse is a gheobhadh siad dá lorgódh siad an tseirbhís i mBéarla agus nár cheart caitheamh leo ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna de thoradh ar a rogha.

Mar sin, déanfaidh an beartas seo:

- Comhairle phraiticiúil a chur ar fáil do bhaill foirne nuair atáthar ag plé le duine ag lorg seirbhíse nó cuidiú trí mheán na Gaeilge;
- A chinntiú go bhfaigheann duine atá ag lorg seirbhíse nó cuidiú trí mheán na Gaeilge ón Roinn an caighdeán céanna seirbhíse agus a gheobhadh siad dá mbeadh siad á lorg i mBéarla;
- Cuidiú le baill foirne agus iad ag plé le pobail Ghaeilge le tabhairt faoi bhaic theanga agus an comhionannas deiseanna a chur chun cinn do Ghaeilgeoirí; agus
- Na baic roimh úsáid na Gaeilge sa tsaol phoiblí a bhaint ar shiúl.

Raon

Baineann an beartas seo leis an phobal i gcoitinne agus eagraíochtaí seachtracha a phléann nó a théann i dteagmháil leis an roinn. Tugtar breac-chuntas ann ar na treoirlínte agus nósanna imeachta do chaidreamh idir an roinn agus na páirtithe seachtracha seo.

Ní chuirtear an beartas seo i bhfeidhm ar chumarsáid ná caidreamh foirne idirmheánach istigh sa roinn, atá á rialú ag beartais chumarsáide inmheánacha faoi leith.

Cúlra Beartais

Caithfear breathnú ar an éagsúlacht teanga mar chomhshaibhreas cultúrtha. Tá gach duine i dteideal measa agus cúirtéise, a bhaineann chomh maith lena dteanga. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh an meas seo a chur in iúl fiú murar féidir plé leis an duine sa teanga is rogha leo.

Is é an Chairt Eorpach um Theanga Réigiúnacha nó Mionlaigh (CETRM) an coinbhinsiún Eorpach do chosaint agus cur chun cinn teangacha a úsáideann mionlaigh thraidisiúnta. Le oibleagáidí dlí na Cairte a chur i bhfeidhm caithfidh muid bearta dearfacha a dhéanamh le teangacha mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn. Geallann an Roinn chomh maith moltaí atá déanta ag Coiste Saineolaithe CETRM (COMEX) a chur san áireamh ina dtuairiscí monatóireachta tréimhseacha ar an CETRM nuair atá sin infheidhmithe.



Tugadh Aontú an Rí do Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 (*Identity and Language Act (Northern Ireland) 2022*) (an [tAcht Teanga](#)) ar an 6 Nollaig **2022**, agus deimhnítear leis “Caithfidh údarás poiblí, agus é ag cur de lámh feidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann, aird chuí a bheith aige ar na prionsabail féiniúlachta náisiúnta agus chultúrtha”. Meastar gurb iad féiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha duine a gcreideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine. Cuirtear seo san áireamh sa doiciméad seo tríd an cheanglas a chomhlíonadh caighdeáin den chleachtas is fearr a bhaineann le húsáid na Gaeilge a fhorbairt.

Tá an Roinn ina bhall den Mheitheal Trasrannóige ar fhorbairt [Straitéise Gaeilge](#). Rithfidh an beartas seo taobh leis an fhorbairt seo agus athbhreithneofar é de réir na Straitéise deiridh mar a éilítear.

Cuirfidh oifigigh a mbaineann a gcuid oibre go minic le húsáid Teangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh eolas ar fhorálacha an CETRM agus an Achta Teanga. Tá na forálacha seo ar fáil ar shuíomh gréasáin [na Roinne Pobal](#).

Freagracht agus Athbhreithniú

Is freagracht de chuid Rúnaí Buan agus Fhoireann Ardbhainistíochta na Roinne iad Maoirseacht agus cur i bhfeidhm an Bheartais seo. Ach táthar ag súil le gach réimse gnó a ról a imirt maidir le tacú le seachadadh an Bheartais seo.

Ba chóir do bhainisteoirí réimsí mar a mbíonn baint ag baill foirne le húsáid Teangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a chinntiú go bhfuil baill foirne eolach ar an Bheartas Gaeilge seo agus ar an riachtanas don Roinn an Ghaeilge a chur chun cinn.

Athbhreithneoidh an tAonad Comhionannais an Beartas seo bliain amháin i ndiaidh dó Faomhadh Aireachta a fháil. Ach, as siocair go ritheann an beartas seo taobh le forbairt Straitéise Gaeilge do Thuaisceart Éireann i gcuideachta le ceapadh coimisinéara Gaeilge faoin Acht Féiniúlachta agus Teanga (2022), athbhreithneofar é ar an bhonn sin de réir na straitéise agus na reachtaíochta mar a éilítear. Ina dhiaidh seo athbhreithneofar an beartas agus nuashonrófar é más gá gach 4 bliana.

Eagraíochtaí Comhpháirtíochta

Tá an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh i bhfeidhm ar Rialtas agus a ‘chomhlachtaí gaolmhara’ Forbróidh Eagraíochtaí Comhpháirtíochta RG a mbeartas teanga féin bunaithe ar an cheann seo. Úsáidfear an Beartas Gaeilge seo mar bhonnlíne, a dtomhaisfear beartais Ghaeilge Eagraíochtaí Comhpháirtíochta dá réir agus a bhforbrófar iad air. Tarraingeoidh Brainsí Comhpháirtíochta aird a nEagraíochtaí Comhpháirtíochta/comhlachtaí gaolmhara ar an bheartas seo.



Fiosruithe

Le tuilleadh comhairle agus treorach a fháil ar ghné ar bith den Ghaeilge, iarratais, aistriúcháin, etc. déan teagmháil leis an Aonad Comhionannais le do thoil:

- Ríomhphost an Aonaid Comhionannais: equalityunit@economy-ni.gov.uk

Tá **creat** curtha i bhfeidhm ag an Roinn Pobal fá choinne seirbhísí ateangaireachta, aistriúcháin agus tras-scríofa, theanga na comharthaíochta agus léamh beola d'earnáil phoiblí TÉ, ag tabhairt rochtain do dhornán soláthraithe atá in ann na seirbhísí seo a chur ar fáil.





Treoir na Roinne Geilleagair ar an Ghaeilge

1. Cumarsáid

Glacfaidh an Roinn cur chuige dhá theanga i leith cumarsáide, an oiread agus is féidir. Freagróidh an Roinn ar agus cuirfidh an Roinn seirbhísí ar fáil san fhoirm a fuarthas agus a iarradh. Táthar ag súil go mbeidh amscála fhreagairt RG i nGaeilge a bheith cosúil leis an fhráma ama fá choinne comhfhreagras a fhaightear i mBéarla nuair is féidir.

Is iomaí sin formáid a bhíonn ag cumarsáid, mar shampla:

Labhairt le daoine

- labhrófar le duine ag úsáid a n-ainm Gaeilge má tá an mhian seo curtha in iúl acu, ina dhiaidh sin caithfear an leagan Gaeilge a úsáid i ngach gnó oifigiúil. Déanfar gach iarracht ainm duine a litriú agus/nó a fhuaimniú mar is ceart is cuma cén bunús. Má tá tú ag plé le duine agus má tá deacracht agat a n-ainm a litriú nó a fhuaimniú, iarr soiléiriú le do thoil **ar bhealach cúirtéiseach agus measúil**.
- Ba chóir ainmneacha Gaeilge a úsáid i ngnó oifigiúil má tá an mhian seo curtha in iúl acu. Nuair atá aithne ar dhuine faoi ainm Gaeilge agus ainm Béarla araon ba cheart an dá leagan a choinneáil sna taifid.

Glaonna gutháin

- Má thosaíonn glaoiteoir an comhrá i nGaeilge déanfar amhlaidh ar ais más féidir. Murar féidir seo a éascú, ba cheart an rogha a thairiscint don ghlaoteoir leanúint ar aghaidh leis an ghlaó i mBéarla nó aistriú go comhghleacaí a bhfuil Gaeilge acu.
- Nuair nach bhfuil comhghleacaí a bhfuil Gaeilge acu ar fáil cuir in iúl go bhfuil tú ag aistriú an ghlaó go glórphost Gaeilge Státseirbhís Thuaisceart Éireann ar an fholíne 75252 nó 02890 515 252 le ligean don ghlaoteoir teachtaireacht a fhágáil i nGaeilge agus socrófar glao ar ais i nGaeilge a luaithe agus is féidir.
- Ina dhiaidh seo thig leat a chur i gcuimhne do ghlaoteoir go nglactar le comhfhreagras scríofa trí Ghaeilge chomh maith.
- Ar deireadh, i ndiaidh triail a bhaint as na rudaí thuas, thig leat a mholadh go ghlaoteoir leanúint ar aghaidh i mBéarla, más mian leo sin a dhéanamh.

I gcásanna nach bhfuil ball foirne a bhfuil Gaeilge acu ar fáil, tairgfear don úsáideoir seirbhíse rogha eile le plé leis an ghlaó. Féadfaidh macasamhail na bhfocal seo a leanas a bheith ina chuidiú:

“I am sorry I cannot answer you in Irish. But I can offer you the following options for dealing with your call. You may:

- *continue the call in English;*
- *write to us in Irish;*
- *transfer to the NICS voice mail where you can leave a message in Irish [féach 4.3 - 4].”*





Coinneoidh an Roinn taifead ar an líon glaonna a gheofar i nGaeilge, na cinn a ndéileálfar leo láithreach agus na cinn a mbeidh glao ar ais de dhíth fána gcoinne.

Cruinnithe

Ar iarratas, ba cheart cruinnithe a reáchtáil i nGaeilge nó ba cheart don réimse beartais ateangaire a shocrú. Má shocraítear cruinniú, seiceáil arís roimh ré go bhfuil an t-ateangaire ar fáil. Ná geall riamh seirbhís nach féidir leis an Roinn a chur ar fáil. Murar féidir seo a éascú ba cheart rogha a thairiscint don duine idir:

- cuidiú a fháil ó bhaill foirne a bhfuil Gaeilge acu;
- a bpointe a dhéanamh i mBéarla;
- tuairimí scríofa a thabhairt i nGaeilge; agus
- coinne a dhéanamh nuair a bheidh ateangaire i láthair.

Is é freagracht an Réimse Gnó ateangaire a shocrú dóibh siúd ar mian leo teagmháil a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Murar tugadh fógra ar bith agus má thosaíonn duine nó daoine i láthair ag labhairt i nGaeilge

le linn an chruinnithe, mínigh go bhfuil baill foirne i láthair nach bhfuil Gaeilge acu agus tabhair an rogha don duine nó daoine idir:

- baill foirne a bhfuil Gaeilge acu atá ar fáil le cuidiú an cruinniú a éascú i nGaeilge;
- an cruinniú a athshocrú le hateangaire a bheith i láthair; agus
- leanúint leis an agallamh/cruinniú i mBéarla.

Comhfhreagras Scríofa

Cuireann CETRM d'oibleagáid ar ranna glacadh le comhfhreagras scríofa i nGaeilge agus, mar sin de:

- Freagrófar i nGaeilge gach cumarsáid a gheofar i nGaeilge.
- Aistrefar comhfhreagras i nGaeilge agus eiseofar freagairt dó i nGaeilge.
- Trí chomhaontú seirbhíse le Mol Aistriúcháin Lárnach RP agus ag obair le hoifigigh inmheánacha RG a bhfuil leibhéal ard inniúlachta i nGaeilge curtha in iúl acu, eiseoidh RG freagairtí ar chomhfhreagras Gaeilge an bealach céanna le comhfhreagras i mBéarla. Beidh spriocdhátaí le freagairt ar chomhfhreagras mar an gcéanna don dá theanga. Más cosúil nach mbeidh sé indéanta freagairt shubstainteach a chur ar fáil i nGaeilge faoin spriocdháta ábhartha, ba cheart admháil a eisiúint an gnáthbhealach i nGaeilge, ag míniú go bhfuil an litir á aistriú agus go mbeidh freagairt shubstainteach ann ina dhiaidh.

Seoltaí Sráide

Nuair a gheofar comhfhreagras lena n-úsáidtear sráidainm Gaeilge, ba cheart do bhaill foirne an leagan Gaeilge a úsáid agus iad ag freagairt ar an chomhfhreagras. Níl aon srian ar leaganacha Gaeilge de chodanna eile de sheoladh e.g. baile fearainn, baile, contae, tír. Ba cheart leaganacha Gaeilge agus Béarla araon de sheoladh a bhreacadh ar an taifead oifigiúil.





2. Aistriúchán

Cad é atá le haistriú

Tá duine a lorgaíonn seirbhís de chuid RG trí mheán na Gaeilge i dteideal an chaighdeáin chéanna seirbhíse agus a gheobhadh siad dá ndéanfadh siad iarratas ar sheirbhís i mBéarla. Glacfaidh an Roinn cur chuige réamhghníomhach i leith foilseacháin, doiciméid agus foirmeacha dátheangacha a chur ar fáil, a macasamhail seo:

- Aistrefar gach réamhrá Aire ar Pleananna Corparáideacha RG, Tuarascálacha agus doiciméid Chomhairliúcháin go Gaeilge agus cuirfear ar fáil iad ag an am chéanna.
- Priontálfar gach bileog eolais Roinne don phobal go dátheangach. Déanfar gach formáid (Gaeilge agus Béarla) d'fhoirmeacha iarratais a óstáil agus a chur chun cinn go dátheangach ar shuíomh gréasáin/ardáin ar líne na Roinne, agus nuair a iarrtar formáidí clóite/sainfhoirmáidí, freagróidh an roinn ar iarratais dá réir.
- I gcásanna ina ndéantar comhairliúcháin agus go bhfuil an fhéidearthacht ann go n-imreoidh an t-ábhar tionchar ar úsáid na Gaeilge nó ar phobal na Gaeilge féin, beidh ceistneoirí comhairliúcháin, seisiúin rannpháirtíochta agus doiciméid ghaolmhara go réamhghníomhach trí mheán na Gaeilge. Socrófar imeachtaí comhairliúcháin i gceantair Ghaeltachta chomh maith nuair is féidir.
- Déanfar gach comhfhreagras ón Roinn chuig eagraíochtaí, grúpaí agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, agus le Gaelscoileanna, trí mheán na Gaeilge.

Iarratais ar aistriúcháin:

Tá duine a iarrann seirbhís RG trí mheán na Gaeilge i dteideal an chaighdeáin chéanna seirbhíse is a gheobhadh siad dá n-iarrfadh siad an tseirbhís i mBéarla, nuair is féidir. Áirítear leis seo:

- Cuirfear bileoga eolais agus foirmeacha iarratais, leaganacha leictreonacha den aistriúchán Gaeilge ar fáil gan mhoill mar dhoiciméid Word nó pdfanna nuair is gá.
- Cuirfidh an Roinn ar fáil aistriúcháin ar dhoiciméid eile ar iarratas, lena n-áirítear foilseacháin nó achoimrí feidhmiúcháin.
- Caithfidh réimsí gnó tosaíocht a thabhairt ar aistriúcháin doiciméad go Gaeilge nuair a iarrtar iad i nGaeilge agus:
 - gur dócha go mbeidh siad ábhartha go háirithe do Ghaeilgeoirí
 - gur dócha go léifear agus go n-úsáidfear iad go ginearálta; agus
 - go gcuirfidh siad leis an Ghaeilge a chur chun cinn, a chothabháil agus a chosaint.





3. Seirbhísí Aistriúcháin

Glórphost Gaeilge

Má dhéanann glaoiteoir teagmháil leis an mhalartán lárnach nó le roinn ar leith ag cur in iúl gur mian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge, murar féidir le hoifigeach labhairt leis an ghlaiteoir i nGaeilge, nó mura bhfuil ball eile foirne a bhfuil Gaeilge labhartha inniúil acu ar fáil, ba cheart an glaoiteoir a atreorú go guthán glórphoist Gaeilge Státseirbhís Thuaisceart Éireann ar fholíne 75252 nó 02890 515 252 agus socrófar glao ar ais trí Ghaeilge.

Déanann oifigigh monatóireacht ar an ghlórphost i mBrainse na dTeangacha, an Roinn Pobal – translationhub@communities-ni.gov.uk (028 9051 5114). Déanfar teachtaireachtaí a gheofar a aistriú nó a chur ar aghaidh chuig ateangaire le haistriú.

4. Fógraíocht

Bainfear níos mó úsáid as Gaeilge san fhógraíocht agus i gcur i láthair ghnó na Roinne. Áirítear leis seo ceannteidil dhátheangacha i bhfógairt gach fógra phoiblí. Áireofar leis seo fógraí fá shaincheistanna comhionannais, comhairliúcháin phoiblí, ceapacháin phoiblí agus mórchleachtas earcaíochta.

Gaeilgeoirí RG

Más gá thig leat teagmháil a dhéanamh leis an mBrainse Comhionannais (equalityunit@economy-ni.gov.uk) ar dtús le húsáid a bhaint as oifigeach ar bith de chuid RG a bhfuil Gaeilge acu le cuidiú le glaonna gutháin.

Labróidh siad leis an ghlaiteoir agus, ina dhiaidh sin, cuirfidh siad an teachtaireacht ar aghaidh go dtí an réimse gnó ábhartha fá choinne gnímh ina dhiaidh sin.

An Dóigh le hAistriúcháin nó Ateangairí a fháil

Ba chóir **gach** iarratas ar aistriúcháin nó ateangairí a fháil trí réimsí gnó. Is féidir le hoifigigh earnála poiblí rochtain an (translationhub@communities-ni.gov.uk) a rochtain.



5. Cumarsáid agus Comhfhreagras

I gcásanna ina bhfuil aistriúchán de dhíth fá choinne comhfhreagrais agus nach bhfuil oifigigh a bhfuil Gaeilge acu ar fáil, lorgófar creat ama comparáideach lena chur i gcrích ó chabhairlíne Fhoras na Gaeilge agus ón Mhol Aistriúcháin Lárnach in RP. Ba cheart cibé acu is gaiste is féidir leo an tseirbhís a chur ar fáil a úsáid. Táthar ag súil leis an chreat ama do fhreagairt ón roinn i nGaeilge a bheith cosúil lena mhacasamhail de fhreagairt ón roinn ar chomhfhreagras a fhaightear i mBéarla nuair is féidir. Más cosúil, ag cur aistriúchán san áireamh, nach mbeidh sé indéanta freagairt shubstainteach a chur ar fáil faoin spriocam ábhartha, ba cheart admháil a eisiúint an gnáthbhealach, ag míniú go bhfuil an litir á haistriú agus go mbeidh freagairt shubstainteach ann ina dhiaidh sin.

- Freagrófar i nGaeilge d'aon chomhfhreagras a gheofar i nGaeilge (má tá freagra de dhíth) agus láimhseálfar í ar bhealach tráthúil éifeachtach, díreach mar atá amhlaidh le comhfhreagras a fhaightear i mBéarla. Cuirfear an admháil chaighdeánach seo a leanas chuig baill den phobal a chuireann ríomhphost i nGaeilge:

Go raibh maith agat as do ríomhphost. Is mian linn a dhearbhu go bhfuair muid do chomhfhreagras agus go bpléifidh muid leis de réir mar is cuí.

Thank you for your email. We wish to inform you that we have received your correspondence and that we will deal with it accordingly.

Beidh an ráiteas seo a leanas san áireamh i síniú corparáideach RG:

Cuirimid fáilte roimh chumarsáid trí Ghaeilge.

We welcome correspondence in Irish.

- Chomh maith leis sin, is féidir le ball foirne ar bith a bhfuil leibhéal ard inniúlachta acu síniú ríomhphoist eile a chur ag fáiltiú roimh chomhfhreagras i nGaeilge, an dóigh chéanna a bhfuil sínithe meirge LADTAIÉ+ ag fostaithe RG.
- Déanfar acmhainní agus fógraí Roinne a bhaineann le teaghlaigh, tuismitheoirí, páistí, bíodh an t-ábhar ag baint go sonrath leis an Ghaeilge nó ná bíodh, a fhoilsiú go huathoibríoch go dátheangach.





6. Brandáil agus Comharthaíocht na Roinne

Léireoidh an Roinn lógó corparáideach dátheangach (Gaeilge agus Béarla) ar gach gné dá gnó, mar shampla:-

- cinn litreach;
- lógónna ar a suíomhanna gréasáin inmheánacha agus seachtracha;
- fógraíocht fá choinne fógraí poiblí agus fógraí tábhachtacha Roinne;
- comharthaíocht istigh i bhfoirgnimh Roinne; agus
- ainmchláir foirgnimh.

Glacfaidh an Roinn cur chuige dhá theanga i leith gach comhartha i ngach áis a bhfuil branda na Roinne uirthi nó de chuid na Roinne, lena n-áirítear aon chomhartha Roinne thógtar sa réimse phoiblí agus i spásanna poiblí.

The background features a vibrant watercolor composition. On the left, a large, textured wash of orange and red tones dominates. To its right, a purple wash overlaps, with smaller, darker purple spots scattered below it. Further down and to the right, a blue wash is visible. On the far right, a bright yellow wash is present, with some orange and red splatters at the bottom. The overall effect is soft and artistic, with various colors blending and overlapping.

Aguisíní



Aguisín 1 - An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (CETRM)

Is é atá sa [CETRM](#) ná conradh Eorpach (CETS 148) lenar glacadh in 1992 faoi choimirce Chomhairle na hEorpa chun teangacha réigiúnacha agus mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn san Eoraip. Tá an Ghaeilge san áireamh sa Chairt, a dhaingnigh Rialtas na Ríochta Aontaithe in 2001. Chuir Rialtas na Ríochta Aontaithe an Ghaeilge mar cheann de thrí theanga (Gaeilge na hAlban agus an Bhreatnais an dá cheann eile) a cláraíodh faoi Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh. Ghlac Rialtas na Ríochta Aontaithe le gealltanais shonracha le haghaidh bearta i réimsí lena n-áirítear oideachas, údaráis riaracháin, na meáin, cultúr, an saol eacnamaíoch agus sóisialta agus malartuithe trasteorann.

Tagraíonn Airteagal 10 den CETRM go sonrach d'Údaráis Riaracháin lena n-áirítear Comhairlí Áitiúla agus leagtar amach ann na forálacha sin taobh istigh den CETRM a gcaithfidh comhairlí cloí leo. Áirítear leis na oibleagáidí faoin CETRM na nithe seo a leanas:

- A chinntiú go bhféadfaidh úsáideoirí na Gaeilge iarratais ó bhéal nó scríofa a chur isteach i nGaeilge chuig an údarás riaracháin;
- Ligean do na húdaráis riaracháin doiciméid a dhréachtú i nGaeilge;
- Gaeilge a úsáid i ndíospóireachtaí ina dtionóil, gan, mar sin féin, úsáid theanga oifigiúil nó theangacha oifigiúla an Stáit a fhágáil amach; agus
- Ceartfhoirmeacha logainmneacha i nGaeilge a úsáid nó a ghlacadh, más gá, i gcomhar leis an ainm sa teanga oifigiúil nó sna teangacha oifigiúla. A chinntiú gur féidir le húsáideoirí Gaeilge iarratas a chur isteach ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge. Úsáid nó glacadh sloinnte i nGaeilge a cheadú ar iarratas. Le cloí leis an mhéid seo thuas tá oibleagáid ar na comhairlí aistriúcháin nó ateangaireacht a chur ar fáil de réir mar is gá.

In Airteagal 12 sonraítear na hoibleagáidí seo a leanas:

Maidir le gníomhaíochtaí agus saoráidí cultúrtha, go háirithe leabharlanna, físeabharlanna, lárionaid chultúrtha, iarsmalanna, cartlanna, acadaimh, amharclanna agus pictiúrlanna, chomh maith le saothar liteartha agus léiriúcháin scannán, foirmeacha coiteanna den fhriotal cultúrtha, féilte agus tionscail chultúir, lena n-áirítear inter alia teicneolaíochtaí nua a úsáid, gabhann na Páirtithe ar láimh, ar an gcríoch a n-úsáidtear teangacha den sórt sin agus a mhéad atá na húdaráis phoiblí inniúil, atá cumhacht acu nó a imríonn siad ról sa réimse seo

- saghsanna friotail agus tionscnaimh is sonracha do theangacha réigiúnacha nó mionlaigh a chothú agus taobhú leis na meáin éagsúla chun rochtain ar shaothair arna ndéanamh sna teangacha sin.
- a áirithiú go ndéantar lamháiltas iomchuí ag na comhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí cultúrtha de chineálacha éagsúla a eagrú agus as tacú leo d'fhonn an t-eolas ar theangacha nó cultúir réigiúnacha nó mionlaigh agus a n-úsáid a ionchorprú sna gnóthais a thionscnaíonn siad nó a gcuireann siad tacaíocht ar fáil dóibh.





- bearta a chur ar aghaidh chun a áirithiú go bhfuil ag na comhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí cultúrtha de chineálacha éagsúla a eagrú foireann a bhfuil láneolas acu ar an teanga réigiúnach nó mionlaigh i dtrácht mar aon le láneolas ar an teanga/na teangacha atá ag an gcuid eile den phobal.
- ionadaithe do na húsáidí de theanga réigiúnach nó mionlaigh a chothú chun bheith rannpháirteach go díreach i saoráidí a sholáthar agus i ngníomhaíochtaí cultúrtha a phleanáil.

Tá an Chairt Eorpach bunaithe ar choincheap neamhleithcheala, is é sin, ní dhéantar leithcheal ar ghrúpa na teanga tromlaigh trí chur i bhfeidhm gníomhaíochtaí atá deartha chun na teangacha mionlaigh dúchasacha a chur chun cinn agus a chosaint.

“Gabhann na Páirtithe de láimh aon idirdhealú, eisiámh, srianadh nó fabhar nach bhfuil bunús leo a dhíchur, mura bhfuil sé déanta acu cheana, a bhaineann le teanga réigiúnach nó mionlaigh a úsáid agus arb é is aidhm dóibh cothabháil nó forbairt na teanga sin a dhíspeagadh nó a chur i gcontúirt. Bearta speisialta a ghlacadh, ar maithe le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh, arb é is aidhm dóibh comhionannas a chur ar aghaidh idir úsáidí na dteangacha sin agus an chuid eile den phobal nó a thugann aird chuí ar a ndálaí sonracha, níl sé le meas mar ghníomh a idirdhealaíonn i gcoinne úsáidí na dteangacha is mó úsáid”

Aguisín 2 - Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta

Tá sraith de ghealltanais i snáithe a trí de [Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta](#) maidir le saincheisteanna eachnamaíocha, cultúrtha agus sóisialta, lena n-áirítear foráil ghinearálta maidir le teangacha mionlaigh:

“Aithníonn na rannpháirtithe uile tábhacht na hurraime, na tuisceana agus na caoinfhulaingthe i ndáil le héagsúlacht teanga, ar a n-áirítear i dTuaisceart Éireann, an Ghaeilge, Albainis Uladh agus teangacha na bpobal eitneach éagsúil, ar cuid de shaibhreas cultúrtha oileán na hÉireann iad uile.”

Cuireann an Comhaontú ceangal ar Rialtas na Breataine gníomh diongbháilte a dhéanamh chun an teanga a chur chun cinn, úsáid na teanga a éascú agus a spreagadh sa chaint agus i scríbhinn mar a mbeidh éileamh cuí ann, agus a iarraidh srianta a bhaint ar shiúl a d’oibreodh i gcoinne chothabháil agus fhorbairt na teanga.



Aguisín 3 - Comhaontú Chill Rìmhinn 2006

I [gComhaontú Chill Rìmhinn](#) tá tiomantas i leith Acht Gaeilge “bunaithe ar eispéireas na Breataine Bige”. Tá moill shuntasach curtha ar thabhairt isteach an Achta seo, ach níl gealltanais i gcomhaontú 2020 Ré Nua Cur Chuige Nua reachtaíocht a rith don Ghaeilge.



Agusín 4 - Cearta Daonna TÉ – ‘Cearta Teanga Mionlaigh: An Ghaeilge agus Albainis Uladh, bileog threorach ar impleachtaí na Cairte Eorpaí um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, an Coinbhinsiún Eorpach ar Chearta Teanga agus ionstraimí eile’

“... tá aird tarraingthe ag an gCoimisiún ar an bhfíric nach bhfuil “aon cheart a bheith maslaithe” ag páirtí eile ag feidhmiú cirt. Is prionsabal ginearálta é seo de chead cainte (an Coinbhinsiún Eorpach ar Chearta Daonna, ECHR Airteagal 10, a chaithfear a léamh i gcomhar le ECHR Airteagal 14 ar neamh-leithcheal ar fhorais lena n-áirítear teanga). Tá an Coimisiún eolach ar argóintí go bhfuil ‘íogaireachtaí’ ann i leith na Gaeilge. Go ginearálta, ní bheadh srianadh ar úsáid nó cur chun cinn na Gaeilge le freastal ar ‘íogaireachtaí’ daoine eile ag réiteach le cead cainte.”



Aguisín 5 - Ré Nua Cur Chuige Nua (2020)

Thángthas ar [Comhaontú Ré Nua, Cur Chuige Nua](#) in 2020 le comhroinnt na cumhachta a athbhunú ag Stormont. Ceann dá príomhghnéithe seo ba ea comhaontú cosaint reachtaíochta a thabhairt chun cinn don Ghaeilge. Áiríodh leis seo foráil Coimisinéir Gaeilge a cheapadh a d'fhorbródh tacar de chaighdeáin don chleachtas is fearr i leith teanga a bheidh i bhfeidhm ar údaráis phoiblí fá choinne chur chun cinn na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge ina seirbhísí.





Agusín 6 - Moltaí an Phainéil Chomhairligh Saineolaithe maidir le Straitéis Gaeilge

Bhí gealltanas fosta in Ré Nua Cur Chuige Nua maidir le Straitéis Gaeilge a fhorbairt, ar leithligh ó Acht Gaeilge. Is é an aidhm a bheadh ag an Straitéis forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint sna fiche bliain amach romhainn.

Déantar raon moltaí i dTuarascáil Chomhairleach na Saineolaithe faoin Ghaeilge agus seirbhísí poiblí, lena n-áirítear:

- Go bhfuil Gaeilgeoirí ar fáil le húsáid a bhaint as seirbhísí rialtais trí mheán na Gaeilge agus gur chóir dóibh seo a bheith ar an chaighdeán chéanna agus atá an tseirbhís a chuirtear ar fáil i mBéarla;
- Go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí gníomh diongbháilte an Ghaeilge a chur chun cinn go himmheánach ina gcuid oibre agus líon na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge a uasmhéadú;
- Go mbeidh foirmeacha atá ar fáil go poiblí ar fáil i nGaeilge.
- Go mbeidh féiniúlacht chorparáideach dhátheangach Ghaeilge/Béarla ag comhlachtaí poiblí;
- Go mbeidh comharthaíocht dhátheangach Ghaeilge/Béarla ag foirgnimh poiblí taobh istigh agus taobh amuigh den fhoirgneamh; agus
- Go gcuirfear príomhdhoiciméid chorparáideacha ar fáil i nGaeilge.





Aguisín 7 - Naisc úsáideacha:

- Gaeilge.ie
- [Treoir ar CETMR](#)
- [Beartas agus straitéis teanga RP](#)

[Framework for interpretation, translation and transcription services | Department for Communities \(communities-ni.gov.uk\)](#)





Agusín 8 - An Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta aChosaint

Is conradh iltaobhach de chuid Chomhairle na hEorpa a bhfuil d’aidhm leis cearta mionlach san Eoraip a chosaint é an Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint CCMNC Is sínitheoir don Chreat í an Ríocht Aontaithe.

Éilíonn Airteagal 10 den CCMNC ar shínitheoirí an ceart atá ag mionlaigh náisiúnta úsáid a bhaint as a dteanga go príobháideach agus go poiblí agus a chinntiú go léirítear na cearta seo i soláthar údarás riaracháin. Chomh maith leis sin, éilítear le hAirteagal 11 den CCMNC ar an stát a éascú go taispeánfar ainmneacha áitiúla traidisiúnta, sráidainmneacha agus gnéithe topagrafacha eile sa teanga mhionlaigh.

Déanann an Coiste Comhairleach ar an Chreat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint monatóireacht ar chomhlíontacht náisiún sínithe an chreata. Tá Rialtas RA i ndiaidh a bheith cáinte go leanúnach ag an chomhlacht monatóireachta, a bhfuil sraith de mholtaí eisithe acu mar a bhaineann leis an Ghaeilge.

Ina dtríú tuarascáil mhonatóireachta ar fheidhmiú na Ríochta Aontaithe leis an Chreat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint (CCMNC) in 2013, thug siad cuntas ar an mhéid seo a leanas:

“Bhí an Coiste Comhairleach imníoch a chluinstin go measann ionadaithe áirithe de chuid na n-údarás go bhfuil cur chun cinn na Gaeilge ina leithcheal i gcoinne daoine a bhaineann leis an phobal tromlaigh. Níl a leithéid de ráitis ag teacht le prionsabail an Chreat-Choinbhinsiúin... Athdhearbhaíonn sé fosta go bhfuil... [nach bhfuil] feidhmiú ceart mionlaigh atá cosanta faoin Chreat-Choinbhinsiún le meas mar leithcheal i gcoinne daoine eile.”

“Tá curtha in iúl don Choiste Comhairleach gur úsáideadh an gá, i gcásanna áirithe, le deachaidreamh a choinneáil mar údar le gan forálacha i bhfabhar daoine a bhaineann le mionlaigh a fheidhmiú, leithéid comharthaí dátheangacha a chur suas... Chomh maith leis sin, feictear dó gur fadhb é gurb é an beartas oifigiúil feistiú comharthaí mar sin a theorannú go ceantair áirithe nach an cheist ina húdar le conspóid. Tá imní ar an Choiste Comhairleach nach bhfuil an cur chuige seo ag teacht le spiorad an Chreat-Choinbhinsiúin... arb é a aidhm luach a chur le húsáid mionteangacha... d’fhonn níos mó caoinfhulaingthe agus comhphlé idirchultúrtha a chur chun cinn sa tsochaí.”

Ina gcúigiú monatóireacht in 2022 tugadh cuntas ar a leanas:

“...ba cheart an dátheangachas ar chuailí eolais mar cuireann sé in iúl an teachtaireacht go bhfuil críoch áirithe comhroinnte [...] ag grúpaí éagsúla pobail.”





Aguisín 9 - Treoir ón Choimisiún Comhionannais do Thuaisceart Éireann

Treoir phraiticiúil CCTÉ ar mheasúnú tionchair comhionannais (2005)

“féadfaidh beartas atá beartaithe go sonrach le tabhairt faoi riachtanais pobail faoi leith go cinnte a bheith inchosanta, leoga riachtanach, le comhionannas deiseanna a chur chun cinn don ghrúpa sin”

Treoir CCTÉ ar Thimpeallacht Oibre Mhaith Shuaimhneach a Chur Chun Cinn (2009)

‘Ní bheidh úsáid teangacha diomaite den Bhéarla, mar shampla i lógónna corparáideacha agus i gcumarsáid, ina shárú de ghnáth ar thimpeallacht mhaith shuaimhneach.’

Freagairt CCTÉ ar dhréacht-tuarascáil scagthástála Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste: Cinneadh den Chomhairle comharthaíocht dhátheangach/ilteangach a chur suas i sólanna Bhaile Andarsain, Lios na Searrach, Olympia agus an Teampaill Mhóir (2020)

‘Inár bhfreagairt rinneadh an pointe go bhfuil an tuairim go srianann soláthar comhionannais nó cosanta do ghrúpa amháin a n-infhaighteacht do ghrúpa eile gan bhunús ann féin agus feidhmíonn sé chun dochair do chách atá ag iarraidh maireachtáil i sochaí atá cóir cothrom agus ba cheart é a sheachaint nuair atáthar ag dréachtú beartas poiblí.’

Freagairt CCTÉ ar comhairliúchán poiblí an Údaráis Oideachais maidir le dréachtbheartas corparáideach Gaeilge (2022)

“Ba cheart go mbeadh labhairt nó úsáid teanga ar bith i dTuaisceart Éireann ina ghníomh neodrach agus nár chóir é a mheas a bheith ina bhagairt d’aon duine nó grúpa, ná níor chóir é a bheartú ar bhealach mar sin.”

Is dóigh leis an Choimisiún go measfaí úsáid teangacha mionlaigh, go háirithe Gaeilge [...] ar son cuspóirí coitianta nó oifigiúla a bheith ina ghníomh neodrach nach mbeadh leithchealach.”

